GAEILGE

# ECO BRICKS

## ATHÚSÁID PHLAISTEACH, AG OBAIR I DTREO PLÁINÉID INBHUANAITHE

National Lottery

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

SDG Champion 2019-2020

ÓGRAS
• don Ghaeilge • don Óige •

# ÉICIBRÍCE

**Nuair a chaitheann muid plaisteach sa bhruscar – ní hé sin deireadh an scéil.** Ag brath ar an gcineál plaisteach, tógann sé suas go 1000 BLIAIN (uaireanta níos mó) chun briseadh síos agus bith-dhíghrádú ina iomláine. Is féidir linn athchúrsáil a dhéanamh ar roinnt cineál plaisteach go héasca in Éirinn, ach don chuid is mó ní féidir linn píosaí plaisteacha boga athchúrsáil, agus mar sin de ghnáth téann sé sa bhruscar ginearálta.

Cuireann sé seo isteach ar an domhan san uafás slite diultacha, mar shampla maraíonn sé ainmhithe agus éin, is táirgeadh fraiceáil é plaisteach le lorg carbóin ollmhór agus tá an truailliú uaidh infheicthe ar fud fad na háite, ar oileáin nach bhfuil aon daoine orthu agus ag bun na farraige in áiteanna nach féidir le daoine fiú tumadh síos chomh fada leo – tá sé tuartha de réir an ráta go bhfuil plaisteach ag teacht le chéile in aigéin an phláinéid, go sáróidh mais an phlaistigh in aigéin an domhain mais na n-iasc go léir a chónaíonn ann roimh 2050.

So – cad gur féidir linn a dhéanamh faoi? Bhuel ar dtús ba chóir dúinn uilig a bheith coinsiasach faoin méid plaistigh nach féidir a athchúrsáil a úsáideann muid sa chéad dul síos, agus iarracht a dhéanamh gearradh síos nó gearradh amach iomlán a dhéanamh air, nó an plaisteach a úsáideann muid a athúsáid. Tar éis sin, is féidir linn éicibríce a thosnú sa bhaile!

**Cad é éicibríce?** Is bríce saorga é éicibríce déanta as na píosaí plaisteacha boga nach féidir leat athúsáid a dhéanamh orthu. Nuair atá roinnt éicibrící críochnaithe agat, is féidir iad a úsáid chun rudaí éagsúla a dhéanamh – fiú tá áiteanna ar domhan ina n-úsáideann siad éicibrící chun tithe a thógáil!

**Conas éicibríce a dhéanamh**: Faigh buidéal mór (1.5-2.5L) plaisteach atá folamh, glan agus tirim*. Aon uair go bhfuil ort plaisteach bog, nó aon rud eile nach féidir leat athchúrsáil a dhéanamh air, a úsáid, déan é a nigh agus a thriomú go críochnúil*, ansin cuir isteach i do bhuidéal é. Déan é a bhrú síos go bun an bhuidéil le bata crua agus fada (cosúil le bata druma nó spúnóg adhmad!). Déan é seo le gach píosa plaisteach a úsáideann tú – bí cinnte gach píosa a bhrú síos i gceart agus gan aon spás nó pócaí aer a fhágáil – caithfidh an éicibríce a bheith **láidir**, **trom** agus **crua**! Tá pictiúr thíos chun cabhrú leat le meáchan ceart a chinntiú dod' éicibríce – má sheasann tú air gan aon ding a chur ann tá sé go maith!

*Tá seo tábhachtach – caithfidh gach éicibríce a bheith in ann mearadh ar feadh na mblianta fada, agus mar sin ní féidir linn aon seans a thabhairt d'aon rud cosúil le salach, miocrorgánach nó múscán fás lastigh ann!



**Íosmheáchan Éicibríce = Toirt a bhuidéil x 0.33**

Mar Shampla...
2000ml = íosmheáchain 660g
500ml = íosmheáchain 165g


Dlús Íosta Caighdeánach an GEA = 0.33 g/ml    Uas-dlús molta an GEA = 0.7 g/ml

**Cad gur féidir leat a dhéanamh le d'Éicibríce críochnaithe?** Tá roinnt 'drop off points' d'Éicibríce in Éirinn – is féidir leat an ceann is gaire duitse a aimsiú ar **ecobricks.org/exchange**, ach faoi láthair le staid an domhain mar atá le Covid, cén fáth nach n-úsáideann tú d'éicibríce chun rud éigin deas a dhéanamh don chlann dod' theach nó do ghairdín?


Tá neart teicnící difriúla ann le tógáil le héicibrící, ach is é an cur i bhfeidhm éicibríce is éasca, is gasta, agus b'fhéidir is spraíúla, ná modúil Milstein a dhéanamh do thógáil go cothrománach, agus modúil Dieleman Lego do thógáil go hingearach. Le modúil, is féidir leat binsí, boird, cathaoireacha, struchtúir agus go leor rudaí eile a chruthú.

# ÉICIBRÍCE


### Modúl Heicseagáin Milstein Simplí



### Modúl Triantáin Milstein




### Modúl Heicseagáin Milstein




Éicibríce ina seasamh — Éicibríce bunoscionn


### Modúl Dieleman Aonar



### Modúl Dieleman Lego



### Modúl Dieleman Túr



Is féidir sileacón géineasach agus/nó feadáin rubair athchúrsáiltea úsáid chun do chuid éicibrící a ghreamú le chéile chun do mhodúil a dhéanamh agus tógáil leo. Molfaimid duit féachaint ar-líne chun na slite uilig gur féidir tógáil le héicibrící a fheiceáil agus inspioráid agus smaointe dearthóireachta a fháil. B'fhéidir gurb é an úsáid is fearr le haghaidh éicibrící ná spásanna glasa pobail a thógáil – Is féidir leat féin agus do phobal spásanna áille a thógáil a shaibhríonn an timpeallacht áitiúil ag baint úsáide as cré agus éicibrící áitiúla!

Agus ar ndóigh, is féidir leat a bheith cruthaitheach le do chuid dearthóireachta – úsáid dath amháin ar bhun gach buidéal chun patrún a dhéanamh, déan rudaí móra nó beaga, tar suas le do smaointe féin agus bíodh spraoi agat leis!

Féach thíos roinnt sampla do rudaí gur féidir leat a dhéanamh le d'éicibríce...

Troscán gairdín do chlann agus cairde!




Stól nó cathaoir don teach!



# ÉICIBRÍCE




Bord Caife nó tolg deas!




Bord snámháin/ardán le patrún deas do linn snámha nó mar stáitse/mata!

Úsáid chun cluichí gairdín a imirt!




Úsáid chun rudaí a thógáil/mar sheastán!







Tógann roinnt daoine tithe nó seid le éicibrící!




Is féidir comhartha mór nó beag a thógáil chun cur in aon áit a gceapann tú go mbeadh sé go deas!

... Nó aon rud eile gur féidir leat smaoineamh air! Bí cinnte pictiúir a sheoladh chugainn ag **blaithin@ogras.ie** chun do chuid déantúis agus dearthóireacht a thaispeáint dúinn!

Roinnt naisc faoi éicíbrící:
**www.ecobricks.org**
**www.mrfcj.org**
**www.reuzi.ie**
**www.sealrescueireland.org**